# Ceisteanna Coitianta faoi *Chreatchuraclam na Bunscoile*

## Réamhrá

Cuireann An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle ar an Aire Oideachais maidir le:

- curaclaim agus measúnú don oideachas luath-óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- na nósanna imeachta measúnaithe a úsáidtear i scoileanna agus i scrúdaithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

D'fhorbair an CNCM *Creatchuraclam na Bunscoile* (CnaB) ag baint úsáide as taighde, comhairliú, plé agus obair le líonra mór scoileanna.

Sheol an tAire Oideachais *Creatchuraclam na Bunscoile* i mí an Mhárta 2023. Forbraíodh an doiciméad seo le tacar de cheisteanna coitianta (FAQ) mar fhreagra ar cheisteanna a fuair an CNCM. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta air de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach.

## Céard é Creatchuraclam na Bunscoile?

Leagann CnaB amach an fhís, struchtúr agus an t-ábhar le haghaidh curaclam athfhorbartha i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tarraingítear aird ann ar a bhfuil tábhachtach in oideachas na bunscoile agus an chúis atá leis sin; agus déantar cur síos ann ar na rudaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim an pháiste. Is creata den chineál céanna iad *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (2009) agus an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) a thacaíonn le foghlaim an pháiste sula dtosaíonn sé ar an mbunscoil agus nuair a bhogann sé chuig an iar-bhunscoil.

## Cá háit is féidir liom *Creatchuraclam na Bunscoile* a léamh?

Is féidir leat *Creatchuraclam na Bunscoile* a léamh anseo.

## Céard iad na príomhghnéithe de *Chreatchuraclam na Bunscoile*?

An Creat:

- is do gach bunscoil agus scoil speisialta atá sé
- leagtar amach ann an fhís agus na prionsabail do churaclam athfhorbartha
- cuirtear i láthair ann na príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim páistí
- leagtar amach ann na príomhthréithe agus na príomhghnéithe le Curaclam na Bunscoile a athfhorbairt ina iomláine, ag tabhairt mionsonraí faoi réimsí agus ábhair an churaclaim; agus na leithdháiltí ama
- cuirtear i láthair ann agus cuirtear leis na gnéithe foghlama lena n-áirítear Oideachas ETIM, Nuatheangacha Iasachta, Teicneolaíocht agus Oideachas Ealaíon níos leithne
- cuirtear níos mó béime ar réimsí atá ann cheana féin ar nós Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) (Folláine) agus foghlaim dhigiteach

- nascann an creat le heispéiris foghlama a chuireann na téamaí ó *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* ar fáil agus ceanglaíonn sé leis an *gCreat don tSraith Shóisearach.*
- cuirtear níos mó gníomhaireachta agus solúbthachta ar fáil do mhúinteoirí agus páistí.

## Céard iad na réimsí curaclaim/ ábhair atá mar chuid de *Chreatchuraclam na Bunscoile*?

Cuireann an creat eispéireas foghlama comhtháite ar fáil, le réimse curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha - Rang a Dó). Aithníonn na réimsí seo aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugann siad níos mó rogha don mhúinteoir agus é ag ullmhú d'eispéiris foghlama shaibhre agus á n-éascú trí chuir chuige spraíúla agus tharraingteacha.

Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt páistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) nuair a thógtar ar na réimsí curaclaim ó chéimeanna 1 agus 2 agus iad á roinnt níos mó ina n-ábhair de réir mar a fhásann feasacht na bpáistí ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú.

Cuirtear an curaclam i láthair i gcúig réimse curaclaim leathana:

1. Teanga (Bérla, Gaeilge, agus Nuatheanga Iasachta ó Chéim 3 ar aghaidh)
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine (An tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, agus Corpoideachas)
4. Oideachas Ealaíon (Ealaín, Drámaíocht agus Ceol)
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair agus Tíreolaíocht)

Tugtar léargas ar gach ceann de na réimsí curaclaim ar leathanaigh 17 - 19 de Chreatchuraclam na Bunscoile. Sa bhreis ar na cúig réimse thuas, tá ceart dlíthiúil ag pátrúin scoile a gclár féin a dhearadh de réir éiteas a scoile. Is cuid de thaithí foghlama na bpáistí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta é an clár sin.

## Céard a chuimsíonn an réimse curaclaim 'Teanga' *i gCreatchuraclam na Bunscoile*?

Cuimsíonn Teanga Béarla agus Gaeilge, agus tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta i gCéimeanna 3 agus 4.

Chun a thuilleadh a léamh faoi réimsí curaclaim an chreata féach ar leathanach 17 anseo.

## Céard é 'Oideachas Ealaíon' i gCreatchuraclam na Bunscoile?

I gCéimeanna 1 agus a 2 (Naíonáin Shóisearacha go Rand a Dó), foghlaimíonn páistí sa réimse fhoghlama leathan Oideachas Ealaíon. I gCéimeanna 3 agus a 4 (Rang a Trí go Rang a Sé), cuirfear an fhoghlaim in iúl le hábhair sonracha, is iad sin Ealaíon, Drámaíocht agus Ceol. Trí leas a bhaint

as níos mó ná ábhar amháin, is féidir cur le foghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile, agus mar sin beidh deiseanna ann chun foghlaim faoi ealaíona na meán agus damhsa.

Chun a thuilleadh a léamh faoi réimsí curaclaim an chreata féach ar leathanach 18 anseo.

## Céard é 'Oideachas STEM' i *gCreatchuraclam na Bunscoile*?

Tacaíonn Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) le hacmhainn na bpáistí tuiscint a fháil ar an domhan mórthimpeall orthu agus dul i ngleic leis go hiomlán. Cuirfear ar chumas an pháiste foghlaim conas dul I ngleic le fadhbanna ón bhfíorshaol, agus eolaíocht, mata, teicneolaíocht agus innealtóireacht in úsáid acu ar bhealach comhtháite. Tugann sé deis do pháistí ár ndomhan a fhiosrú, a iniúchadh agus a léirmhíniú le chéile.

Chun a thuilleadh a léamh faoi réimsí curaclaim an chreata féach ar leathanach 18 anseo.

## Céard é 'Folláine' i *gCreatchuraclam na Bunscoile*?

Tacaíonn Folláine le forbairt shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil na bpáistí anois agus amach anseo. Ionchorpraíonn Folláine Corpoideachas agus an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), lena n-áirítear Oideachas Caidrimh Gnéasachta (OCG). I gCéimeanna 1 agus a 2 (Naíonáin Shóisearacha go Rand a Dó), foghlaimíonn páistí trí eispéiris foghlama leathana. I gCéimeanna 3 agus a 4 (Rang a Trí go Rang a Sé), cuirfear an fhoghlaim in iúl le hábhair, is iad sin Corpoideachas agus OSPS.

Chun a thuilleadh a léamh faoi réimsí curaclaim an chreata féach ar leathanach 18 anseo.

## Céard é 'Oideachas Sóisialta agus Imshaoil' i *gCreatchuraclam na Bunscoile*?

Tacaíonn an réimse curaclaim Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le feasacht na bpáistí ar an domhan, lena léirthuiscint dó agus lena dtuiscint air trí bheith ag foghlaim faoin éagsúlacht shaibhir pobal: a n-eispéiris, a gcultúir, a reiligiúin, a gcreidimh, agus a dtimpeallachtaí ag amanna éagsúla, in áiteanna éagsúla agus i gcúinsí éagsúla. I gCéimeanna 1 agus a 2 (Naíonáin Shóisearacha go Rand a Dó), foghlaimíonn páistí trí réimse leathan comhtháite Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Éiríonn an fhoghlaim níos idirdhealaithe le hábhair sonracha, is iad sin Tíreolaíocht agus Stair, i gCéimeanna 3 agus a 4.

Chun a thuilleadh a léamh faoi réimsí curaclaim an chreata féach ar leathanach 19 anseo.

## Cathain a bheidh na sonraíochtaí do gach réimse curaclaim ar fáil?

Beidh CnaB in úsáid mar threoir ag forbairt na sonraíochtaí le haghaidh gach ceann de na réimsí curaclaim. Bhunaigh an CNCM Meithleacha Forbartha do gach réimse curaclaim agus beidh an

dréacht sonraíocht ar fáil do chomhairliúchán poiblí i 2024. Samhlaíonn an CNCM go mbeidh deireadh le forbairt na sonraíochtaí do gach réimse curaclaim i 2025. Is ceist í don Roinn Oideachais, amlíne le haghaidh obair na scoileanna ó thaobh chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha, agus is iad a leagfaidh an amlíne sin amach. Cliceáil ar an nasc thíos le haghaidh tuilleadh eolais ar na Meithleacha Forbartha:
Boird agus Grúpaí Forbartha | NCCA

## Céard iad na leithdháiltí ama molta i *gCreatchuraclam na Bunscoile*?

Le linn an chomhairliúcháin ar mholtaí maidir le struchtúr agus am i gcuraclam bunscoile athfhorbartha, léirigh múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile:

- Tacaíocht maidir le hathrú a dhéanamh ar cén chaoi a dhéantar am a leithdháileadh trasna an churaclaim
- Tacaíocht láidir maidir le breis solúbthachta do scoileanna agus iad ag déanamh cinneadh faoi leithdháiltí ama sa churaclam
- Tacaíocht láidir maidir le tabhairt ar ais Am Solúbtha, a raibh tionchar ag an straitéis litearthachta agus uimhearthachta air
- Comhaontú ginearálta maidir leis an moladh faoi dhá chatagóir ama (Am Solúbtha agus Íos-Am Curaclaim)
- Imní maidir leis an leithdháileadh ama don Chorpoideachas agus don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- Imní go bhféadfadh roinnt ábhar 'cailleadh amach' i gcuraclam athfhorbartha agus athbhreithniú á dhéanamh ar leithdháileadh ama.

Agus na torthaí seo á dtógáil san áireamh, cuirtear leithdháiltí ama i láthair i ndá chatagóir: Íosam churaclaim (leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla) agus Am Solúbtha (leithdháiltí míosúla). Mar fhreagra ar na héilimh le haghaidh níos mó solúbthachta, tugann an creat bloc míosúil d'Am Solúbtha.  Mar fhreagra ar na héilimh le haghaidh níos mó ama don Chorpoideachas agus don OSPS méadaíonn an creat an t-am le haghaidh Folláine (Corpoideachas agus OSPS).

Chun an hathruithe seo a dhéanamh, tógadh am ó na réimsí curaclaim eile ar fad. Tá na leithdháiltí ama nua molta ar fáil san Aguisín de *Chreatchuraclam na Bunscoile.*

## Cé mhéad ama atá leithdháilte d'Oideachas Reiligiúnach/ Eiticiúil/ Ilchreidmheach agus Luachanna - Clár an Phátrúin i *gCreatchuraclam na Bunscoile?*

Sa bhreis ar na cúig réimse luaite i gCnaB, tá ceart dlíthiúil ag pátrúin scoile a gclár féin a dhearadh de réir éiteas a scoile. I gcéim 1 (Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha), leithdháiltear 1 uair an

chloig agus 40 nóiméad in aghaidh na seachtaine d'Oideachas Reiligiúnach/ Eiticiúil/ Ilchreidmheach agus Luachanna - Clár an Phátrúin na scoile, a aithníonn an lá scoile níos giorra, agus leithdháiltear 2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine don chlár i gCéim 2 – 4 (Rang a hAon go Rang a Sé).

## Taobh amuigh d'Oideachas Reiligiúnach/ Eiticiúil/ Ilchreidmheach agus Luachanna - Clár an Phátrúin, cén chaoi a thacaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* le tuiscint páistí ar reiligiúin agus creidimh atá mar chuid d'ár ndomhan?

Tacaíonn an tOideachas Sóisialta agus Imshaoil le feasacht na bpáistí ar an domhan, lena léirthuiscint dó agus lena dtuiscint air trí bheith ag foghlaim faoin éagsúlacht shaibhir pobal: a n-eispéiris, a gcultúir, a reiligiúin, a gcreidimh agus a dtimpeallachtaí ag amanna éagsúla, in áiteanna éagsúla agus i gcúinsí éagsúla.

Mar chuid den réimse curaclaim na Folláine, beidh deis ag na páistí a dtuiscint eiticiúil féin ar an domhan a fhorbairt, lena n-áirítear machnamh ar roghanna, deiseanna a fhiosrú agus tiomantas ar fhreagrachtaí.

## Céard a bheidh ar scoileanna déanamh le *Creatchuraclam na Bunscoile* i mbliana (2023/2024)?

Agus *Creatchuraclam na Bunscoile* á thabhairt isteach, is gá do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí dul i ngleic leis agus dul i dtaithí ar struchtúr agus ábhar an chreata ag leibhéal na scoile uile. Aithnítear go mbeidh am agus tacaíocht ag teastáil ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile le dul i dtaithí ar ábhair an chreata. Moltar dóibh an creat a léamh, é a phlé le comhghleacaithe, leas a bhaint as deiseanna forbartha gairmiúla, agus dul i ngleic leis na hábhair tacaíochta atá foilsithe.

Beidh cóip chrua den chreat ann do gach múinteoir agus ceannaire scoile sna scoileanna sna seachtainí amach romhainn. Tá an scoil le dúnadh ar feadh leathlae chun deis a chur ar fáil d'athbhreithniú na scoile uile a dhéanamh ar an gcreat. Ba chóir an scoil a dhúnadh dó seo roimh dheireadh scoilbhliain 2022/2023. Is féidir le scoileanna cinneadh a dhéanamh maidir leis an leathlá a oireann a bhféilire scoile. Tá an rogha ag scoileanna an dúnadh seo a bheith acu in éineacht le dúnadh leathlae do sheimineár gréasáin *Churaclam Teanga na Bunscoile* i scoilbhliain 2022/23.

I rith an idirthréimhse ó sheoladh an Chreata go dtí go dtugtar isteach na sonraíochtaí i scoilbhliain 2025/2026, moltar do scoileanna dul i ngleic leis an gcreat sa chaoi is fearr a n-oireann dóibh. Agus iad ag dul I dtaithí ar an gcreat, b'fhéidir gur mian le scoileanna:

- Na leithdháiltí ama atá molta a chur i bhfeidhm ina bhfuil mionsonraí faoin Íos-Am Curaclaim agus faoin Am Solúbtha;
- Machnamh a dhéanamh ar phrionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus conas d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh orthu i bpleanáil agus i gcleachtas scoile;
- Na príomhinniúlachtaí agus deiseanna a mheas chun tuilleadh feabhais a chur ar an bhfoghlaim tríothu;
- Na ráitis faoin bhfoghlaim, teagasc agus measúnú a mheas agus conas a thógann siad ar an gcleachtas reatha agus conas a chuireann siad leis.

## Cén tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do scoileanna chun cabhrú leo dul i ngleic le *Creatchuraclam na Bunscoile?*

Chun tuiscint na múinteoirí agus na gceannairí uile ar an gcreat a fhorbairt, leanfaidh seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais ag cur shraith de dheiseanna forbartha gairmiúla ar fáil ag leibhéal na bunscoile, ag tarraingt naisc anois le hábhar an chreata. Cuirfear forbairt ghairmiúil dhiscréideach ar fáil freisin do gach ceann de shonraíochtaí an réimse churaclaim atá le tarlú go luath.

Chun tacú le rannpháirteachas leathlae, luaite thuas, cuirtear na hacmhainní seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- Físeán idirgníomhaireachta chun na príomhtheachtaireachtaí de *Chreatchuraclam na Bunscoile* a chur i láthair
- Físeán faoi *Chreatchuraclam na Bunscoile*. Tá an físeán deartha chun breathnú air in éineacht leis an bhfíseán idirghníomhaireachta.

## Cén chaoi a thacaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* le haistriú an pháiste ón réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta?

Tá *Creatchuraclam na Bunscoile* ailínithe le *hAistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn gach páiste agus iad ag déanamh an aistrithe ón réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú seo le feiceáil go háirithe san fhócas sa dá chreat ar oideolaíocht súgartha. Soláthraíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* soiléireacht agus cinnteacht maidir le hoiriúnacht agus lárnacht an tsúgartha agus cineálacha cuir chuige spraíúla i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, áit ar príomhghnéithe foghlama agus teagaisc iad.

